Oifigeach Cóiríochta

27 Eanáir 2021

Tá An Foras Pátrúnachta (AFP) ag earcú Oifigeach Cóiríochta chun oibriú le foireann na hOifige Náisiúnta. Tá ceanncheathrú AFP lonnaithe i Maigh Nuad, Co. Chill Dara agus beidh meascán d'obair oifige sa cheanncheathrú agus cianobair i gceist.

Conradh: Is conradh trí bliana ar uaireanta lán-aimseartha atá á thairiscint. Beidh taisteal timpeall na tíre i gceist agus cruinnithe taobh amuigh de ghnáthuaireanta oibre ó am go ham.

Tuarastal: Beidh an tuarastal tarraingteach bunaithe ar thaithí agus ar cháilíochtaí an té a cheapfar.

Cur síos ar an Ról: Pléifidh an duine a cheapfar le gach gné de chúrsaí cóiríochta scoileanna uile An Foras Pátrúnachta idir scoileanna nuabhunaithe agus scoileanna seanbhunaithe.
Duine féinspreagtha, rí-eagraithe a bhfuil na scileanna agus taithí cuí aige/aici chun spriocanna an phoist a bhaint amach dá stuaim féin atá á earcú.

Riachtanach:

- Ardchaighdeán Gaeilge idir labhartha agus scríofa, bheadh cáilíocht TEG ina bhuntáiste
- Cumas caidrimh a chruthú agus a chothú le daoine agus le heagrais
- Sárscileanna bainistíochta tionscadail
- Ceadúnas tiomána iomlán glan
- Ardscileanna riaracháin agus ríomhaireachta

Inmhianta:

- Tuiscint ar fhoirgníocht agus na córais a théann leis
- Tuiscint ar chórais agus struchtúr na Roinne Oideachais & Scileanna
- Cáilíocht/taithí sna réimsí tógála, ailtireachta, innealtóireachta nó bainistíocht tionscadail
- Taithí ar eolas a thaifead, a bhainistiú agus a roinnt
- Tuiscint ar an oideachas agus go háirithe ar an nGaelscolaíocht

Iarratais: Ní mór d'iarratais a bheith **i nGaeilge amháin** agus ba cheart CV (4 leathanach ar a mhéad) chomh maith le litir iarratais a sheoladh chuig iarratais@foras.ie faoi 17.00 ar an 11 Feabhra 2021.

Tá sonraíocht phoist iomlán mar aon le heolas cuí faoin eagraíocht ar fáil ag www.foras.ie.